**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric faoi thruailliú na farraige.**

**Fíric a hAon**

Tá cuid den phlaisteach atá san fharraige chomh beag nach féidir é a fheiceáil. Micreaphlaisteach a thugtar air sin. Tá na cáithníní plaisteacha sin chomh beag nach féidir iad a fheiceáil leis an tsúil ach fós féin cruthaíonn siad fadhbanna d'ainmhithe a itheann iad de thimpiste. De réir a chéile bristear síos an plaisteach a bhíonn san aigéan i bpíosaí níos lú mar gheall ar sholas na gréine agus de bhrí go bhfuil sé á chaitheamh ar fud na háite ag na tonnta. Tá tionchar ag micreaphlaisteach ar an saol muirí ar fad agus tá eolaithe fós ag iarraidh an tionchar sin a thomhas.

**Fíric a Dó**

Tá oileán atá déanta de dhramhaíl le fáil san aigéan. Tá ceantar ann ar a dtugtar Mórcheantar Dramhaíola an Aigéin Chiúin atá trí oiread chomh mór leis an bhFrainc. Tá dramhaíl ann as ar fud an domhain atá bailithe le chéile ag na taoidí i gcarn mór atá cosúil le hoileán. Tá taighde á dhéanamh ag eolaithe agus ag gníomhaithe agus tá teicneolaíocht á cruthú acu ar féidir í a úsáid chun an dramhaíl seo a bhailiú agus a bhaint amach as an aigéan agus a athchúrsáil nó a dhiúscairt i gceart chun an tionchar atá aici ar an saol muirí a laghdú.

**Fíric a Trí**

Cúis mhór imní chomh fada is a bhaineann le truailliú aigéin é doirteadh ola. Is breosla iontaise é Amhola a úsáidtear chun innealra a chumhachtú agus chun plaisteach a chruthú. Go minic, faighteár é sa talamh os cionn ghrinneall na farraige, ach faightear é i suíomhanna os cionn na talún freisin. Nuair a phléascann píopaí a iompraíonn ola faoin bhfarraige nó nuair a théann tancaeir a iompraíonn ola os cionn na farraige go dtí tóin poill glactar lena leithéid mar dhoirteadh ola. Is é doirteadh ola ceann de na cásanna is tobainne de thruailliú aigéin. D'fhéadfadh an ola éisc agus éin mhara a dhéanann iarracht breith ar éisc a phlúchadh rud a dhéanann go leor damáiste don saol muirí i gceantar.
Ach téann formhór na hola a théann isteach san aigéan isteach ann trí sceitheadh ón talamh nó ó bhonneagar seachas doirteadh mór. Ní dhoirtear ach thart ar 12% den ola a dhoirtear isteach san aigéan i rith tubaiste mhór.

**Fíric a Ceathair**

Síleann roinnt ainmhithe mara gur creach é plaisteach agus itheann siad é. Itheann creachadóirí mara go leor cineálacha creiche, cruthanna agus méideanna éagsúla, de bhrí gur speiceas éagsúil é iasc. Ar an drochuair, ciallaíonn sé sin go bhfuil sé an-éasca cáithníní agus píosaí plaisteacha a ithe seachas bia a ithe. Itheann turtair málaí plaisteacha go minic mar shampla, de bhrí go gceapann siad gur smugairle róin atá ann. Líonann na málaí plaisteacha seo a mbolg rud a chiallaíonn nach féidir leo ithe rud a chiallaíonn nach bhfuil aon luach cothaitheach á fháil acu, rud a chiallaíonn go bhfaigheann an saol muirí bás den ocras.

**Fíric a Cúig**

Bealach éasca chun cabhrú leis an aigéan é bruscar atá ar an trá a bhailiú. Is féidir le gach duine difríocht a dhéanamh trí chúpla rud beag a dhéanamh. An chéad uair eile a dtugann tú cuairt ar an trá cén fáth nach mbailíonn tú cúpla píosa bruscair a fheiceann tú ionas nach mbeidh sé ag dul isteach san aigéan. Cuir aon bhruscar a thugann tú leat i mbosca bruscair nó abhaile leat nuair a thugann tú cuairt ar thránna agus déan iarracht úsáid a bhaint as plaisteach aon úsáide. Is bealaí iad sin ar fad is féidir linn a úsáid chun truailliú aigéin a laghdú.
Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric sin faoi thruailliú na farraige, feicfidh mé arís sibh!

